**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 8 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší správní soud – Poblacht na Seice) – ET v Ministerstvo životního prostředí**

**(Cás C-659/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialú – Rialachán (CE) Uimh. 338/97 – Airteagal 8(3)(d) – Coincheap "eiseamail de speicis ainmhíocha a rugadh agus a tógadh i mbraighdeanas" – Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 – Airteagal 1(3) – Coincheap an "stoic phórúcháin" – Airteagal 54(2) – Comhdhéanamh an stoic phórúcháin – Rialú ginealaigh)***

(2022/C 408/13)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nejvyšší správní soud

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* ET

*Cosantóir:* Ministerstvo životního prostředí

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní mór Airteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialú,

   a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn:

   nach gcumhdaítear leis an gcoincheap "stoic pórúcháin", de réir bhrí na forála sin, sinsear na n-eiseamal a tógadh in oibríocht phórúcháin, nach raibh riamh faoi úinéireacht nó i seilbh na hoibríochta sin.

2. Ní mór Airteagal 54(2) de Rialachán Uimh. 865/2006, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 17 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal um chosaint ionchais dhlisteanacha,

   a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn:

   go bhfuil cosc ar eiseamal, atá á choinneáil ag tógálaí, de speiceas ainmhí atá liostaithe in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán Uimh. 338/97, a mheas mar speiceas a rugadh agus a tógadh i mbraighdeanas, de réir bhrí Airteagal 8(3) den Rialachán sin, i gcás ina bhfuair tríú páirtí sinsir an eiseamail sin, nach cuid de stoc pórúcháin an tógálaí sin iad, roimh theacht i bhfeidhm na Rialachán sin, ar bhealach a dhéanfadh dochar do mharthanas an speicis lena mbaineann san fhiántas.

([1]) IO C 62, 22.02.2021